Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Réidh, socair agus sásta – tús maith, leath na hoibre!

Is céim mhór chun cinn é an t-aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil, agus is fiú rudaí beaga a dhéanamh le cabhrú leat agus le do pháiste ullmhú chuige. Is féidir leis an tréimhse seo a bheith dúshlánach, ach is gnáthmhothúchán é seo agus tá go leor teaghlaigh eile sa suíomh céanna. Cloch mhíle iontach atá ann daoibh, agus beidh na múinteoirí sa naíonra agus sa scoil in ann tacú libh ar an aistear seo.

Tá eolas breise ar fáil ar **www.gaeloideachas.ie** maidir le hoideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus tá foireann Gaeloideachas ar fáil i gcónaí le cabhrú leat. Seo thíos cúpla nod maidir le conas sibh féin a ullmhú don turas atá romhaibh.

Rudaí gur féidir a dhéanamh sa bhaile

Tá sé tábhachtach go labhrófá le do pháiste maidir le dul ar scoil. Déan an comhrá a spreagadh go dearfach. Léigh scéalta faoi dhul ar scoil agus pléigh na nithe a bhfuil do pháiste ag súil leo agus/nó a bhfuil imní uirthi/air fúthu.

• Labhair Gaeilge le do pháiste. **Déan rainn agus amhráin as Gaeilge a chanadh** lena chéile. Tá seinnliosta deas ar YouTube Gaeloideachas agus tá áiseanna eile ar **www.IrishForParents.ie**

• Mínigh do do pháiste go mbeidh **éide scoile** le caitheamh gach lá, cosúil leis na páistí eile sa rang, agus déan í/é a spreagadh le gléasadh suas iontu nó le béar/bábóg mhór a ghléasadh san éide mar chleachtadh.

• Tacaigh le do pháiste a bheith neamhspleách ó thaobh féinchúraim de. **Déan cleachtadh ar ghléasadh, bróga agus cóta a cheangal, bosca lóin a oscailt agus cúram leithris.** Cuir ainm do pháiste ar aon rud a thabharfadh sí/sé ar scoil: éide scoile, cóta, mála scoile, bosca lóin, buidéal uisce agus eile.

• Croch grianghraf den scoil/seomra ranga ar an gcuisneoir sa bhaile. **Socraigh cuairt (fhisiciúil nó fhíorúil) a thabhairt ar an seomra ranga agus clós** leis an scoil roimh ré. Dírigh aird do pháiste ar rudaí mar an doras go dtí na leithris agus labhair léi/leis faoi chuid de na gníomhaíochtaí spraiúla a mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh iontu sa chlós nuair a rachaidh siad ar scoil.

• Bain triail as **'seomra ranga scoile' le haghaidh spraoi sa bhaile.** D'fhéadfá bosca aistrithe le rudaí do na naíonáin shóisearacha a chur le chéile sa bhaile, mar shampla coirníní snáithithe, pionnachláir, míreanna mearaí, leabhair phictiúr agus leabhair rannta, cásanna pinn luaidhe, málaí scoile, boscaí lóin, buidéil uisce, cóipleabhair, fillteáin le dúntóirí. Pléigh ábhar an bhosca leis an páiste le linn an tsamhraidh.

• **Buail le páistí eile** a bheidh ag freastal ar an scoil chéanna le linn laethanta saoire an tsamhraidh ionas gur féidir leis na páistí teagmháil a choinneáil lena chéile.

• **Roinn eolas leis an scoil** maidir le do pháiste. Cad a chabhródh léi/leis socrú isteach? Lorg pás aistrithe don scoil ón naíonra. Tá ceann ar fáil ar **www.gaeloideachas.ie/leabharlann**, chomh maith le go leor áiseanna eile. Tá pas agus acmhainní faoi leith againn do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu freisin.

• **Bí ag súil le hathruithe:** beidh athrú sna modhanna múinte, ón mbéim ar fhoghlaim trí shúgradh go modhanna níos foirmeálta. Beidh rialacha na scoile le foghlaim ag na páistí. Beidh taithí ama éagsúil i gceist do roinnt páistí chomh maith. Beidh cuid acu i dtaithí ar thrí uair an chloig a chaitheamh sa naíonra is beidh an lá scoile níos faide ná sin.

• **Bain súp as!** Is cúis cheiliúrtha é duit agus do do pháiste go bhfuil sí/sé réidh le dul ar scoil. Comhghairdeas libh – beimid libh gach céim de bhur n-aistear.

www.gaeloideachas.ie
@Gaeloideachas
@Gaeloid
@gaeloideachas
http://bit.ly/GaeloidYT
eolas@gaeloideachas.ie

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Prepared, calm and happy – tús maith, leath na hoibre!

Moving from the naíonra to primary school is a big step forward. It can be helpful to take some small steps to help you and your child to prepare. The change might seem challenging, but it's normal to feel this way and lots of other families are in the same boat. It's a big milestone for you and your child. Teachers in both your naíonra and school will be able to help as you set out on this journey.

There is more information on Irish-medium and Gaeltacht education available on **www.gaeloideachas.ie** and the Gaeloideachas team are always available to help. Below are some tips on how to prepare yourselves for the journey ahead.

Things you can do at home

It's important to speak to your child about going to school. Make sure to frame this conversation in a positive way. Read stories about going to school and discuss what your child is looking forward to, or what they might be worried about.

• Speak Irish with your child. Sing **songs and rhymes in Irish** together. There is a nice playlist on the Gaeloideachas YouTube channel, and more resources on **www.IrishForParents.ie**

• Explain to your child that they will have to wear a **school uniform** every day, like the other children in the class. Encourage them to dress up in their uniform or to dress a teddy or doll in the uniform as practice.

• Support your child to become more independent and to look after themselves. **Practise dressing, putting on their shoes and coat, opening their lunchbox, and using the toilet.** Put your child's name on anything they will bring to school: their uniform, coat, schoolbag, lunchbox, water bottle, etc.

• Hang a photograph of the school/classroom on the fridge at home. Arrange **to visit the classroom and yard** (virtually or in person) with the school beforehand. Show your child things like the door to the toilets and speak to them about the fun games they'll play in the yard when they go to school.

• **Try playing 'school' as a game** at home. You could put together a box of things for junior infants at home. Include things like threaded beads, peg boards, jigsaws, picture books and rhyme books, pencil cases, schoolbags, lunchboxes, water bottles, copybooks, and folders with fasteners. Play and talk with your child about what's in the box over the summer.

• **Meet up with other children** who will be going to the same school over the summer holidays so that the children can get to know each other.

• **Share information** about your child with the school. What would help them to settle in? Ask the naíonra for a 'passport' for the transition to school. There is one available at **www.gaeloideachas.ie/leabharlann**, as well as plenty of other resources. We also have a passport and resources for children with additional needs.

• **Expect changes:** Teaching will move gradually from learning through play to slightly more formal methods. The children will have to learn school rules. Some children will need to get used to a longer day after spending just three hours at naíonra.

• **Enjoy it!** Celebrate that you and your child have come this far and that they are ready to go to school. Congratulations to you both – we will be with you every step of the way.

www.gaeloideachas.ie
@Gaeloideachas
@Gaeloid
@gaeloideachas
http://bit.ly/GaeloidYT
eolas@gaeloideachas.ie